**RABHADH**

**Ná déan dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo:

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2013**

# TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

## ROINN 1 – FILLTEÁN (60 marc)

**DÉ hAOINE, 7 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 - 11.30**


| Greille Mharcála an Fhillteáin | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Ceisteanna** | | **Marc** | **Scrúdaitheoir** | **Scrúdaitheoir Comhairleach** |
| | | @ | **3** | | |
| | | @ | **2** | | |
| | | @ | **1** | | |
| | | @ | **0** | | |
| **Iomlán** | | | | | |

**NÓTA: TÁ ROINN 2 DEN SCRÚDÚ AR PHÁIPÉAR AR LEITHLIGH**

**ROINN 1 (60 marc)**

Freagair **GACH** ceist.
Tá rogha agat laistigh de thrí cheist.
Déan deimhin de go gcuireann tú an fillteán seo
ar ais le do fhreagarleabhar.
Mura gcuireann tú, caillfear marcanna.

**1. BOLCÁIN**




Ainmnigh na gnéithe den bholcán a bhfuil na lipéid **A**, **B** agus **C** orthu.

**A** ______________________________

**B** ______________________________

**C** ______________________________

**2. AIBHNEACHA**

Críochnaigh na habairtí a leanas.

(i) Is é a thugtar ar an áit a dtosaíonn abhainn ná ____________________________.


(ii) Is é a thugtar ar shruthán a bhuaileann le habhainn mhór ná

________________________________.

(iii) Is é a thugtar ar an ithir shaibhir a shil-leagan abhainn ná

________________________________.

3. **BÁISTEACH**




An cineál báistí a thaispeántar sa léaráid thuas ná:

Báisteach chioclónach nó báisteach fhrontach ☐

Báisteach chomhiompair ☐

Báisteach rilífe ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

4. **GAOTH**


Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Meastar go bhfuil aer fuar ***níos troime / níos éadroime*** ná aer te.

(ii) ***Gaotha teo / gaotha fuara*** iad gaotha a shéideann ó dhomhanleithid arda i dtreo an mheánchiorcail.

(iii) Is é a thugtar ar an ngaoth is coitianta i gceantar ná ***an ghnáthghaoth / an ghaoth anoir***.

5. **FILLSLÉIBHTE**




Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Cruthaítear fillsléibhte nuair a ***scarann / imbhuaileann*** dhá phláta.

(ii) Cruthaíodh sléibhte na Mumhan nuair a tharla ***an Filleadh Alpach / an Filleadh Armarcach***.

(iii) Sampla d'fhillsléibhte i Meiriceá Theas iad ***na hAindéis / na Himiléithe***.

6. **STAITISTICÍ AIMSIRE**

| **Mí** | **Ean** | **Fea** | **Már** | **Aib** | **Bea** | **Mei** | **Iúil** | **Lún** | **MF** | **DF** | **Samh** | **Noll** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teocht °C** | 5.8 | 6.6 | 7.9 | 6.7 | 10.5 | 13.0 | 13.9 | 15.4 | 11.8 | 8.0 | 5.5 | 2.9 |
| **Frasaíocht mm** | 97.4 | 42.4 | 15.4 | 75.4 | 55.1 | 175.1 | 122.1 | 129.1 | 62.0 | 90.9 | 68.3 | 25.4 |

www.met.ie

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann leibhéal an mhéanteocht agus an mhéanfhrasaíocht mhíosúil sa Mhuileann gCearr in 2012.

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.


(i) An leibhéal frasaíochta is ísle a taifeadadh ná ***15.4 mm / 25.4 mm***.

(ii) An leibhéal teochta is ísle a taifeadadh ná ***5.5°C / 2.9°C***.

(iii) An mheánteocht i Meitheamh, Iúil agus Lúnasa ná ***42.3°C / 14.1°C***.

**FREAGAIR 7A NÓ 7B**

**7A. FUINNEAMH**




Scrúdaigh an léarscáil thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Is é Riyadh príomhchathair na tíre **X**. Cén t-ainm atá ar an tír **X**?

_________________

(ii) Ainmnigh an fhoinse fuinnimh is mó a shamhlaítear leis an tír seo. _______________

(iii) An bhfuil an cineál foinse fuinnimh is mó a shamhlaítear leis an tír seo, in-athnuaite nó neamh-in-athnuaite?

____________________________________

**NÓ**

**7B. AIMSIR**

Críochnaigh na habairtí agus na téarmaí cearta as an liosta thíos á n-úsáid agat.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Isiteirmeacha | Iseabair | Isihiaití | Isihéilí |

(i) Is é a thugtar ar línte ar léarscáil a cheanglaíonn áiteanna ina bhfuil an brú céanna ná ____________________________________.

(ii) Is é a thugtar ar línte ar léarscáil a cheanglaíonn áiteanna ina bhfuil an teocht chéanna ná ____________________________________.

(iii) Is é a thugtar ar línte ar léarscáil a cheanglaíonn áiteanna ina bhfuil an ghrian chéanna ná ____________________________________.

**FREAGAIR 8A NÓ 8B**

## 8A. CÓSTAÍ

Sna boscaí a thugtar, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** le huimhir a phéire i **gColún Y**. Tá meaits amháin déanta duit.

| Colún X | |
|---|---|
| A | Borruisce |
| B | Gradhana |
| C | Tambaló |
| D | Síobadh feadh cladaigh |

| Colún Y | |
|---|---|
| 1 | Gaineamh á iompar ar feadh an chladaigh. |
| 2 | Gluaiseacht an uisce suas an trá tar éis do thonn briseadh. |
| 3 | Ballaí ísle a thógtar amach san fharraige chun srian a chur ar gluaiseacht an ghainimh. |
| 4 | Gné a cheanglaíonn oileán den mhíntír mar thoradh ar shil-leagan cósta. |

| X | Y |
|---|---|
| A | 2 |
| B | |
| C | |
| D | |

**NÓ**

## 8B. OIGHRIÚ

Sna boscaí a thugtar, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** le huimhir a phéire i **gColún Y**. Tá meaits amháin déanta duit.

| Colún X | |
|---|---|
| A | Fiord |
| B | Scríobchaitheamh |
| C | Comloch |
| D | Carraigeacha corra |

| Colún Y | |
|---|---|
| 1 | Loch i gcoire nó i soirc. |
| 2 | Bolláin mhóra a sil-leagadh mar gheall ar oighearshruthanna. |
| 3 | Próiseas oighearchreimthe. |
| 4 | Sampla de seo é an Caoláire Rua. |

| X | Y |
|---|---|
| A | |
| B | |
| C | 1 |
| D | |

**FREAGAIR 9A NÓ 9B**

## 9A. SUÍOMH TIONSCAIL

Cuir in iúl an t-athrú atá tagtha le himeacht aimsire ar an tionscal iarainn agus cruach sa Bhreatain:

Ó chóstaí go dtí limistéir faoi fhoraois ☐


Ó ghualcheantair go cóstaí ☐

Ó chóstaí go gualcheantair ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**NÓ**

## 9B. GRÉASÁIN LONNAÍOCHTA



Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun an gréasán lonnaíochta a thaispeántar thuas a ainmniú.


Scaipthe ☐

Randamach ☐

Cnuasta ☐

Líneach ☐

## 10. BÁISTEACH AIGÉADACH




Scrúdaigh an léarscáil thuas a thaispeánann limistéir ina bhfuil an baol go dtitfidh báisteach aigéadach agus cuir ciorcal thart ar an rogha cheart do gach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Tá baol ard ann go dtitfidh báisteach aigéadach sa Ríocht Aontaithe.

***Fíor / Bréagach***

(ii) Níl aon bhaol ann go dtitfidh báisteach aigéadach sa Pholainn.

***Fíor / Bréagach***

(iii) Tá an dé-ocsaíd sulfair ar cheann de na cúiseanna atá le báisteach aigéadach.

***Fíor / Bréagach***

## 11. CÚNAMH

Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart do gach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Is é is cúnamh déthaobhach ann ná cúnamh a thugann cumainn charthanachta.

***Fíor / Bréagach***


(ii) Tugtar cúnamh éigeandála nuair a bhíonn géarchéim ann, e.g. tubaistí nádúrtha.

***Fíor / Bréagach***

(iii) Cúnamh gearrthéarma atá sa chúnamh forbartha.

***Fíor / Bréagach***

## 12. IOMPAR I mBAILE ÁTHA CLIATH




www.cyclingindublin.com

Scrúdaigh an graf thuas a thaispeánann líon na rothar ag dul thar bráid idir an Chanáil Ríoga agus an Chanáil Mhór i mBaile Átha Cliath ó 2001 go dtí 2011, agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cén bhliain a ndeachaigh an líon ba lú rothar thar bráid? ________________

(ii) Cé mhéad rothar a chuaigh thar bráid in 2008? __________________

(iii) Cén méadú a tháinig ar líon na rothar a chuaigh thar bráid idir 2001 agus 2008?

_________________

## 13. AN DOMHAN I mBÉAL FORBARTHA


Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart do gach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Tá an caighdeán maireachtála ard sa domhan i mbéal forbartha. ***Fíor / Bréagach***

(ii) Tá ráta báis na naíonán ard sa domhan i mbéal forbartha. ***Fíor / Bréagach***

(iii) Tá an t-ionchas saoil ard sa domhan i mbéal forbartha. ***Fíor / Bréagach***

## 14. FÁSRA NÁDÚRTHA




Scrúdaigh sliochtléarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thaispeántar thuas, agus eochair na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo, agus cuir ciorcal thart ar an rogha cheart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) ***Coill nádúrtha / foraois buaircíneacha*** iad na crainn ar Chnoc Bhré (Bree Hill).

(ii) Is fearr a oireann na crainn seo do réigiúin ***ardtailte / ísealchríche***.

(iii) Bíonn fréamhacha ***fada / gearra*** ar na crainn seo chun iad a chur in oiriúint don áit ina bhfásann siad.

## 15. DIFRÍOCHTAÍ RÉIGIÚNACHA

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart thíos chun a thaispeáint cé acu **trí** ráiteas atá ceart.

1. Tá dlús an daonra níos airde in Iarthar na hÉireann ná mar atá san Oirthear.
2. Téann daoine ar imirce ó Iarthar na hÉireann go Baile Átha Cliath.
3. Tá gníomhaíochtaí treasacha forbartha go maith i mBaile Átha Cliath.
4. Is gnách go mbíonn na feirmeacha in Iarthar na hÉireann níos lú ná na feirmeacha i nDeisceart agus in Oirthear na hÉireann.
5. Tá an daonra níos ísle i gCathair Bhaile Átha Cliath ná mar atá i gCathair na Gaillimhe.


1, 2, 3 ☐

1, 3, 5 ☐

2, 3, 4 ☐

2, 4, 5 ☐

## 16. ÍDIÚ FUINNIMH




Scrúdaigh an phíchairt thuas a thaispeánann ídiú fuinnimh sna Stáit Aontaithe.
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a thaispeáint cé acu **trí** ráiteas atá ceart.

1. Gual atá i gceist i gcás níos mó ná trian den ídiú fuinnimh.

2. Peitriliam atá i gceist sa chéatadán is airde den ídiú fuinnimh.

3. Gás nádúrtha atá i gceist sa chéatadán is ísle den ídiú fuinnimh.

4. Tá céatadán an gháis nádúrtha agus an fhuinnimh núicléach le chéile níos airde ná céatadán an ghuail.

5. Peitriliam agus gás nádúrtha le chéile atá i gceist i gcás os cionn 60% den ídiú fuinnimh.

1, 2, 3 ☐

2, 3, 4 ☐

2, 3, 5 ☐

2, 4, 5 ☐

**17. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Scrúdaigh léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo. Dá mbeifeá ag taisteal i líne dhíreach ón Ionad Páirceála ag S 964 367 go dtí an stáisiún traenach in Inis Córthaidh ag S 974 402, cén treo ina mbeifeá ag taisteal?

Treo ________________________________________

**18. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Scrúdaigh léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo. Sna boscaí a thugtar, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** le huimhir a phéire i **gColún Y**. Tá meaits amháin déanta duit.

| **Colún X** | |
|---|---|
| A | S 955 386 |
| B | T 009 381 |
| C | S 953 374 |
| D | T 001 313 |

| **Colún Y** | |
|---|---|
| 1 | Stáisiún Gardaí |
| 2 | Créfort Mótach (Moated Site) |
| 3 | Galfchúrsa |
| 4 | Spotairde 74 |

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | 3 |
| B | |
| C | |
| D | |

**19. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Scrúdaigh léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.
Tugtar cur síos san alt seo a leanas ar lonnaíocht ar an léarscáil.
Léigh an t-alt agus freagair an cheist a leanas.

> Tá an lonnaíocht seo ar an gcuid thiar theas den léarscáil. Tá oifig phoist ann, scoil agus séipéal. Tá sé tógtha in áit a mbuaileann dhá bhóthar den tríú grád le chéile.

Cad is ainm don lonnaíocht seo? ____________________________

**20. AERFÓTAGRAF**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo.
Is é atá sa ghné abhann sa lár ná:

Deilt ☐

Lúb ☐

V-Ghleann ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

2013. S28T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2013

---

## TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

## ROINN 2 (90 marc)

---

**DÉ hAOINE, 7 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 - 11.30**

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo i bhfillteán ar leithligh, mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí.

| |
|---|
| NÁ DEARMAD, LE DO THOIL, GO gCAITHFIDH TÚ **FILLTEÁN** COMHLÁNAITHE **ROINN 1** A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR. |

**ROINN 2 (90 marc)**

Freagair **TRÍ** cheist ar bith.

Tá na ceisteanna uile ar cómharc.

**Ceist 1. PRÓISIS NÁDÚRTHA**

**A. Síonchaitheamh**




Ainmnigh an cineál síonchaithimh is mó a samhlaítear lena foirmiú an tírdhreach a thaispeántar thuas agus mínigh an cineál síonchaithimh sin.

(10)

**B. Ollghluaiseacht**

(i) Mínigh an tionchar a bhíonn ag an bhfrasaíocht agus ag an ngrádán ar ollghluaiseacht.

(ii) Ainmnigh cineál **amháin** d'ollghluaiseacht mhall agus déan cur síos ar na hiarmhairtí a bhíonn air.

(10)


**C. Gné Abhann**

Ainmnigh gné **amháin** a chruthaíodh de thoradh **sil-leagan abhann** agus mínigh, le cabhair léaráide, conas a cruthaíodh í.

(10)

**Ceist 2.** **ATMAISFÉAR ATHRAITHEACH**

**A.** **Timthriall an Uisce**




(i) Mínigh timthriall an uisce agus tagairt agat do gach ceann de na céimeanna a bhfuil na lipéid **A**, **B**, **C** agus **D** orthu, sa léaráid thuas.

(ii) Ainmnigh **dhá** chineál scamaill.

(10)

**B.** **Tosca Aeráide**

Mínigh conas a théann **trí** cinn ar bith de na tosca a leanas i bhfeidhm ar an aeráid:

- Domhanleithead
- Gnáthghaotha
- An fad ó fharraigí agus ó aigéin
- Airde
- Rilíf.

(12)

**C.** **An Iarmhairt Cheaptha Teasa**


Le cabhair léaráid lipéadaithe, mínigh an iarmhairt cheaptha teasa.

(8)

**Ceist 3. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA**

Freagair **TRÍ CINN AR BITH** de na ceisteanna **3A**, **3B**, **3C**, **3D**.

**3A. Ithreacha**




(i) Déan cur síos ar conas a fhoirmítear an phróifíl ithreach a thaispeántar sa léaráid thuas, agus mínigh í.

(ii) Ainmnigh **dhá** chineál ithreach atá coitianta in Éirinn.

(10)

**3B. Imirce**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** d'imirce eagraithe a bhfuil staidéar déanta agat air.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** shlí a ndeachaigh an imirce eagraithe seo i bhfeidhm ar an gceantar a ndeachaigh na daoine ar imirce ann.

(iii) Mínigh bac **amháin** ar an imirce sa lá atá inniu ann.

(10)


## Ceist 3. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA (ar lean)

### 3C. Réigiúin Turasóireachta

**Cóstaí agus tránna**




**Spórt agus caitheamh aimsire**



**Cathracha**




**Áilleacht nádúrtha**




(i) Roghnaigh **dhá** cheann ar bith de na cineálacha réigiún turasóireachta sna léaráidí thuas agus ainmnigh sampla de gach ceann de na cineálacha réigiúin a roghnaigh tú.

(ii) Mínigh cén fáth a mealltar turasóirí go dtí **gach ceann** de na samplaí a d'ainmnigh tú.

(10)

### 3D. Saothrú na bPortach Móna




(i) Déan cur síos ar **dhá** shlí ar chabhraigh an teicneolaíocht le saothrú móna.

(ii) Mínigh **dhá** chúis a dtarlaíonn an chuid is mó de tháirgeadh tráchtála na móna a bhíonn ar siúl ag Bord na Móna ar na portaigh ardaithe i Lár na Tíre.

(10)

**Ceist 4. UIRBIÚ**


**A. Uirbiú sa Domhan i mBéal Forbartha**

(i) Ainmnigh cathair **amháin** sa domhan i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(ii) Mínigh **dhá** fhadhb atá ag baint le forbairt neamhphleanáilte sa chathair sin.

(10)

**B. Feidhmeanna Uirbeacha**




Déan cur síos ar **thrí** fheidhm éagsúla atá ag lonnaíochta(í) uirbeach(a) in Abhantrach na Réine.

(10)

**Ceist 4. UIRBIÚ (ar lean)**

**C. Forbairt Uirbeach**




Scrúdaigh an fótagraf thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cé acu crios sa chathair, **A**, **B** nó **C**, ina mbeadh na luachanna talún is airde?

(ii) Luaigh **dhá** chúis a bhfuil na luachanna talún is airde sa chrios seo.

(iii) Déan cur síos ar **dhá** fhadhb atá ag baint le sraoilleáil uirbeach.

(10)

**Ceist 5. AERFÓTAGRAF AGUS LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

**A.** Scrúdaigh an **tAERFÓTAGRAF** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar ar fad a thaispeántar ar an aerfótagraf.

Ar do shracléarscail, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann de na gnéithe seo a leanas:

- Droichead iarnróid
- Abhainn
- **Dhá** bhóthar a bhuaileann le chéile
- Caisleán.

(10)

**B.** Tá roinnt gníomhaíochtaí eacnamaíocha difriúla le feiceáil ar an **AERFÓTAGRAF**.

(i) Ainmnigh agus luaigh suíomh sampla de gach ceann de na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a leanas, agus tú ag baint úsáide as na téarmaí cearta (cúlra ar dheis, etc.):

- Gníomhaíocht Phríomhúil
- Gníomhaíocht Thánaisteach
- Gníomhaíocht Threasach.

(ii) Roghnaigh ceann **amháin** ar bith de na samplaí de na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a ainmníodh thuas, agus mínigh **dhá** chúis a bhfuil sé lonnaithe san áit sin.

(10)

**C.** Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Mínigh **trí** chúis a bhfuil eastát tionsclaíoch lonnaithe ag S 977 419. Tabhair fianaise chruinn bheacht le gach cúis díobh as **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** chun tacú le do fhreagra.

(10)